Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5825/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0114(COD)**

**CODEC 105**
**COMPET 62**
**COMER 9**
**MI 71**
**RC 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 24 Feabhra 2022*<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht i ndáil leis an 'Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach' ag féachaint don díospóireacht bheartais sa Chomhairle Iomaíochais an 24 Feabhra 2022.

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach**

## I. Aidhm an togra le haghaidh Rialacháin

**1.** Ní théann an creat idirnáisiúnta agus Eorpach i ngleic go hiomlán leis an saobhadh a thagann as tacaíocht phoiblí ó thríú stáit do ghnóthais atá gníomhach sa mhargadh inmheánach. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, níl rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála éifeachtach go leor chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála atá nasctha le hidirghabháil stáit sa gheilleagar, go háirithe saobhadh nach mbaineann le trádáil in earraí. Ar an leibhéal Eorpach, ní bhaineann rialú Státchabhrach an Choimisiúin Eorpaigh ach le cabhair arna deonú ag na Ballstáit. Ní thagraíonn aon cheann de na rialacha atá i bhfeidhm go sainráite d’fhóirdheontais eachtracha arb é is aidhm aonair dóibh fáil gnóthas nó dámhachtain conarthaí poiblí a éascú laistigh den mhargadh inmheánach.

**2.** Mar a thug an Coimisiún dá aire ina Pháipéar Bán a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020, is féidir leis an bhfolús dlíthiúil sin an bonn a bhaint d’iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach agus dá bhrí sin tionchar diúltach a bheith aige ar fhás, ar iomaíochas gnóthas agus ar chosaint tomhaltóirí, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóirí fadtéarmacha an Aontais a bheith á mbaint amach, lena n-áirítear na cuspóirí sin a leagtar amach i straitéis thionsclaíoch an Aontais a glacadh an 5 Bealtaine 2021.

3. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, thug an Coimisiún gealltanas tús a chur leis an obair ar rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt éifeachtach ar shaobhadh iomaíochta a chumasú, agus tá sé ag leanúint dá iarrachtaí sa mhéid sin i leith a chomhpháirtithe. Ar an leibhéal Eorpach, iarradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2019 ar an gCoimisiún bealaí a shainaithint chun an bhearna dhlíthiúil sin a líonadh d'fhonn aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na héifeachtaí saofa a bhíonn ag fóirdheontais eachtracha ar an margadh inmheánach. Mar sin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an 5 Bealtaine 2021 an togra le haghaidh Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach.

4. Dá bhrí sin, is luamhán nua ríthábhachtach chun iomaíocht chóir a áirithiú sa mhargadh inmheánach é ionstraim a ghlacadh arb é is aidhm aonair dó aghaidh a thabhairt ar fhadhb na bhfóirdheontas eachtrach ó thríú stáit, go háirithe chun críche gnóthais a fháil nó tairiscintí a chur isteach ar chonarthaí poiblí sa mhargadh inmheánach.

5. De réir an togra reachtaigh, bheadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach scrúdú a dhéanamh ar fhóirdheontais a thugann údaráis phoiblí tríú tír do ghnóthais a bhíonn i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch laistigh den mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, bheadh cumhacht imscrúdaithe ag an gCoimisiún a chuirfeadh ar a chumas scrúdú a dhéanamh ar chomhchruinnithe agus ar thairiscintí a chuirtear isteach i gcomhthéacs conartha phoiblí lena mbaineann fóirdheontas ó thríú tír. Beidh sé d'údarás ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh, ar a thionscnamh féin, ar aon ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéantar ar an margadh inmheánach lena mbaineann fóirdheontas ó thríú tír.

6. Bheadh réimse leathan beart ag an gCoimisiún Eorpach (láithreacht sa mhargadh a laghdú, sócmhainní áirithe a dhífheistiú, fóirdheontas eachtrach a aisíoc, etc.) chun iomaíocht chóir a athbhunú i gcás fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach.

## II. Na chéad chéimeanna eile

**7.** I gcomhréir le clár na dtrí Uachtaránacht, measann Uachtaránacht na Fraince go bhfuil cur i bhfeidhm ceart na rialacha iomaíochta fíor-riachtanach ar an leibhéal domhanda, agus tá rún daingean aici leanúint ar aghaidh leis an obair ar an togra ón gCoimisiún maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach. Cuireadh tús leis an scrúdú ar an téacs sin sa Mheitheal um Iomaíocht faoi Uachtaránacht na Portaingéile agus na Slóivéine agus tá sé ar siúl faoi láthair faoi Uachtaránacht na Fraince.

**8.** Léiríodh sa phlé teicniúil sin go dtacaíonn na Ballstáit go forleathan le scéim ghinearálta an togra ón gCoimisiún agus lena ghlacadh a luaithe is féidir.

**9.** Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

a) An aontaíonn sibh leis an gCoimisiún Eorpach go bhfuil folús dlíthiúil ann maidir le hionstraimí a dheartar chun dul i ngleic le saobhadh a thagann as fóirdheontais eachtracha agus, dá bhrí sin, nach mór an togra le haghaidh rialacháin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir?

b) An aontaíonn sibh le scéim fhoriomlán na hionstraime a mholann an Coimisiún Eorpach?

c) An aontaíonn sibh le cur chun feidhme láraithe na hionstraime ag an gCoimisiún Eorpach, chun cur chun feidhme comhchuibhithe laistigh den mhargadh inmheánach a éascú?